2012. S72T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012

## OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL

DÉ LUAIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30 – 3.00

Uimhir an Ionaid [ ] Scrúduimhir [ ]

### TREORACHA

1. **Déan deimhin de go scríobhann tú do scrúduimhir sa bhosca thuas.**

2. Freagair **gach ceist** i Roinn 1 (18 marc)
   Freagair **trí cheist ar bith** i Roinn 2 (42 marc)
   Freagair **ceist amháin ar bith** i Roinn 3 (20 marc)
   Iomlán (80 marc)

3. **Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

4. **Tabhair an páipéar seo ar ais ag deireadh an scrúdaithe.**

| **Don Scrúdaitheoir** | | |
|---|---|---|
| | **Ceist** | **Marc** |
| **Roinn 1** | **C1** | |
| | **C2** | |
| | **C3** | |
| **Roinn 2** | **C1** | |
| | **C2** | |
| | **C3** | |
| | **C4** | |
| **Roinn 3** | **C1** | |
| | **C2** | |
| | **C3** | |
| | **C4** | |
| **IOMLÁN** | | |
| **Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh** | | |
| **Bónasmharc don fhreagairt trí Ghaeilge** | | |
| **MÓRIOMLÁN a bronnadh má tá bónasmharc don Ghaeilge san áireamh** | | |

**ROINN 1**

**Freagair GACH ceist sa roinn seo.**

**1.** Is é atá thíos ná grianghraif de cheithre eagraíocht agus liosta de na cathracha ina bhfuil ceannáras acu.

Sna spásanna a thugtar thíos, meaitseáil gach grianghraf le hainm na heagraíochta agus leis an gcathair ina bhfuil ceannáras acu.

**Ná húsáid eagraíocht ná cathair ar leith ach UAIR AMHÁIN.**

**Eagraíocht:** Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe
Dáil Éireann
Parlaimint an Aontais Eorpaigh
Comhdháil na Stát Aontaithe

**Cathair:** Washington
Strasbourg
Baile Átha Cliath
Nua-Eabhrac



(a) Eagraíocht: ______________________________

Cathair: ________________________________



(b) Eagraíocht: ______________________________

Cathair: ________________________________



(c) Eagraíocht: ______________________________

Cathair: ________________________________



(d) Eagraíocht: ______________________________

Cathair: ________________________________

(8 marc)

**2.** Cuir na focail chearta sna spásanna atá ar fáil chun na habairtí seo a leanas a chríochnú. Tá an chéad litir de gach focal curtha ar fáil duit.

(a) An dá pháirtí polaitiúil atá páirteach sa chomhrialtas atá anois againn ná

F ____________ G ____________ agus Páirtí an L ____________ O ____________ .

(b) Is é Ardcheannasaí na bhFórsaí Armtha in Éirinn ná an tU ____________.

(c) Ní féidir Bunreacht na hÉireann a athrú ach nuair a vótálann na daoine i R ___________ .

(d) Is é a thugtar ar cheannaire Rialtas na hÉireann ná an T ____________ .

(e) Tá 166 TD tofa don D____________.

(f) Chun vóta a chaitheamh i dtoghchán in Éirinn ní mór a bheith ar Ch ____________ na dT____________.

(g) Tagann Parlaimint Thuaisceart Éireann le chéile i gCaisleán S ____________ .

(7 marc)

**3.** Tugtar teideal ceithre cinn de na Ranna Rialtais thíos chomh maith le cur síos ar fhreagrachtaí gach Ranna.
Cuir an litir **A, B, C nó D** in aice leis an gcur síos ceart thíos chun teideal na Ranna Rialtais a mheaitseáil leis an gcur síos a ghabhann leis. Tá an chéad cheann déanta mar shampla duit.

**Teidil:**

**A** An Roinn Airgeadais
**B** An Roinn Sláinte
**C** An Roinn Dlí agus Cirt, agus Comhionannais
**D** An Roinn Oideachais agus Scileanna

| Litir | Cur síos ar an Roinn Rialtais |
|---|---|
| **B** | Tá an Roinn seo freagrach as polasaí Sláinte a fhorbairt agus as seirbhísí sláinte a phleanáil. |
| | Tá an Roinn seo freagrach as oideachas poiblí ag leibhéil na bunscoile agus na hiarbhunscoile. Déanann sí bainistíocht freisin ar thacaíocht Stáit d'ollscoileanna agus do choláistí tríú leibhéal. |
| | Tá an Roinn seo freagrach as bainistíocht eacnamaíochta agus airgeadais a dhéanamh ar an Stát. |
| | Is é aidhm na Roinne seo ná slándáil an Stáit a chosaint, an choiriúlacht a chosc, agus cearta agus saoirse na ndaoine a chosaint. Déileálann sí leis an inimirce freisin. |

(3 mharc)

**ROINN 2**

**Freagair TRÍ cinn ar bith de na ceisteanna uimhrithe 1, 2, 3, 4 thíos.**

**Tá 14 mharc ag gabháil le gach ceist.**

## 1. ÉIRE AOISCHÁRTA

**Scrúdaigh Éire Aoischárta – *Fógra do Roinn 2, Ceist 1*, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 1).**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an bhfógra, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cad is Aoischárta Náisiúnta ann?

______________________________________________________________________

Cé a eisíonn an tAoischárta Náisiúnta?

______________________________________________________________________

Cén cuspóir atá leis an Aoischárta Náisiúnta?

______________________________________________________________________

(3 mharc)

(b) Ainmnigh **DHÁ** mhír eolais a thaispeántar ar an Aoischárta.

Mír 1: ______________________________________________________________

Mír 2: ______________________________________________________________

(2 mharc)

(c) Cén tAcht is bun leis an Aoischárta?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(1 marc)

(d) Déan cur síos ar **DHÁ** chineál eile oibre a dhéanann an Garda Síochána, seachas cártaí mar seo a eisiúint.

Cineál 1: ______________________________________________

______________________________________________

Cineál 2: ______________________________________________

______________________________________________

(4 mharc)

(e) Murab ionann is mórán tíortha eile, ní iompraíonn an Garda Síochána airm thine/gúnaí de ghnáth. An dóigh leat gur smaoineamh maith é seo? Tabhair **DHÁ** chúis ar smaoineamh maith nó ar smaoineamh olc é seo.

Cúis 1: ______________________________________________

______________________________________________

Cúis 2: ______________________________________________

______________________________________________

(4 mharc)

**2. CUMANN SIOPAÍ CARTHANACHTA NA hÉIREANN**

**Scrúdaigh Cumann Siopaí Carthanachta na hÉireann – *Fógra Rabhaidh do Roinn 2, Ceist 2*, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 2).**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an bhFógra Rabhaidh seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cén cineál earraí a mbíonn siopaí carthanachta in Éirinn ag brath go mór ar an bpobal iad a bhronnadh orthu?

______________________________________________________________

Cad a dhéantar leis na hearraí sin ansin?

______________________________________________________________

(2 mharc)

(b) Ainmnigh **TRÍ** charthanas a bhailíonn airgead trí siopaí carthanachta a rith.

An chéad charthanas: ______________________________________________

An dara carthanas: ______________________________________________

An tríú carthanas: ______________________________________________

(3 mharc)

(c) Déan cur síos ar an amhras is mó a mbíonn an pobal agus na meáin chumarsáide ag caint air, mar atá mínithe san fhógra rabhaidh seo.

Ainmnigh slí amháin a bhféadfá a bheith cinnte go bhfuil tú ag déileáil le carthanas dlisteanach nuair a bhronnann tú earraí orthu.

Amhras : ______________________________________________

______________________________________________________________

Slí:______________________________________________________

(3 mharc)

(d) Ainmnigh agus mínigh gníomhaíocht a d'fhéadfadh **DO RANGSA** a dhéanamh chun daoine a chur ar an eolas mar gheall ar shiopaí carthanachta agus chun daoine i do scoilse a spreagadh le tacaíocht a thabhairt dóibh.

Gníomhaíocht: ______________________________________________

Míniú: ______________________________________________

______________________________________________

(3 mharc)

(e) Tabhair **TRÍ** chúis a n-éiríonn chomh maith sin le siopaí carthanachta?

Cúis 1______________________________________________

______________________________________________

Cúis 2______________________________________________

______________________________________________

Cúis 3______________________________________________

______________________________________________

(3 mharc)

**3. CÚISEANNA LEIS AN AOIS VÓTÁLA A ÍSLIÚ**

**Scrúdaigh na Cúiseanna leis an Aois Vótála a Ísliú – *Bileog Feachtais do Roinn 2, Ceist 3*, atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 3).**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an mBileog Feachtais seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cén aois ar cóir an aois vótála a ísliú chuici, de réir na bileoige feachtais seo?

________________________________________

Cén t-ainm atá ar an eagraíocht a chuir amach an bhileog seo?

________________________________________

Cén t-ábhar scoile a fhágann go bhfuil daltaí níos mó ar an eolas ná mar a bhídís?

________________________________________

(3 mharc)

(b) Ainmnigh **DHÁ** rud a tharlóidh má thugtar cead vótála do dhaoine atá 16 agus 17 bliana d'aois, de réir na bileoige seo?

An chéad rud: ________________________________

An dara rud: ________________________________

(2 mharc)

(c) Tabhair **DHÁ** chúis a gcreideann Comhairle Náisiúnta na nÓg (CNÓ) gur ceart cead vótála a thabhairt do dhaoine atá 16 nó 17 bliana d'aois.

An chéad chúis: ________________________________

An dara cúis: ________________________________

(2 mharc)

(d) Ainmnigh gníomhaíocht amháin a d'fhéadfadh **DO RANG OSSP** a dhéanamh chun daoine óga a spreagadh le tacaíocht a thabhairt don fheachtas seo chun an aois vótála a ísliú, agus déan cur síos ar an ngníomhaíocht.

Ainm na Gníomhaíochta: ______________________________

Cur síos: ______________________________

______________________________

(3 mharc)

(e) Ainmnigh **DHÁ** cheist shóisialta ar cás le daoine óga iad, agus déan cur síos orthu.

Ceist 1: ______________________________

Cur síos: ______________________________

______________________________

Ceist 2: ______________________________

Cur síos: ______________________________

______________________________

(4 mharc)

**4. CEALLRAÍ AR AIS**

**Scrúdaigh Ceallraí ar Ais – *Leathanach gréasáin do Roinn 2, Ceist 4,* atá priontáilte ar leathanach ar leith (leathanach 4).**

**Tar éis duit staidéar a dhéanamh ar an Leathanach Gréasáin seo, freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Cé mhéad a chosnaíonn sé ceallraí a athchúrsáil?

________________________________________

Cén cineál ceallraí is féidir a thabhairt ar ais le hathchúrsáil?

________________________________________

Cén áit ar cóir duit na ceallraí ídithe a bhailíonn tú a stóráil?

________________________________________

(3 mharc)

(b) Ainmnigh **TRÍ** bhealach ar féidir do chuid ceallraí ídithe a bhailiú le hathchúrsáil.

An chéad bhealach: ______________________________

An dara bealach: ______________________________

An tríú bealach: ______________________________

(3 mharc)

(c) Tabhair **DHÁ** chúis ar cóir ceallraí a athchúrsáil.

Cúis 1: ______________________________

Cúis 2: ______________________________

(2 mharc)

(d) Tabhair sampla **AMHÁIN** a léiríonn conas a d'fhéadfadh gach ceann acu seo a leanas an méid dramhaíola a chruthaíonn siad a laghdú:

**Scoil:** ______________________________

______________________________

______________________________

**Siopa:** ______________________________

______________________________

______________________________

**Teaghlach/líon tí:** ______________________________

______________________________

______________________________

(3 mharc)

(e) Mínigh an ceangal idir a bheith i do shaoránach maith agus a bheith ar an eolas mar gheall ar an dtimpeallacht.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(3 mharc)

**ROINN 3**
**Freagair CEANN AMHÁIN de na ceisteanna 1, 2, 3, 4 thíos.**
**Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.**
**Tá leathanach bán le haghaidh cheisteanna na bpóstaer ar chúl an fhreagarleabhair seo.**
**Má tá breis páipéir uait chun an cheist seo a fhreagairt, iarr ar Fheitheoir an Scrúdaithe é, le do thoil.**

## 1. LÁ LEANAÍ UILE AN DOMHAIN



Is é 20 Samhain Lá Leanaí Uile an Domhain mar is ar an dáta sin a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe leis an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh. Rinneadh é seo chun cearta leanaí a chosaint. Tá sé beartaithe ag do rang OSSP Tionscadal Gníomhaíochta a dhéanamh chun an lá seo a cheiliúradh i do scoilse.

(a) **AINMNIGH** agus **MÍNIGH** do Thionscadal Gníomhaíochta, agus tú ag lua **DHÁ** chúis ar roghnaigh tú an bealach áirithe seo chun Lá Leanaí Uile an Domhain a cheiliúradh. (6 mharc)

(b) Scríobh litir go dtí Príomhoide do scoile chun cead a lorg an Tionscadal Gníomhaíochta seo a chur ar siúl. Déan deimhin de go dtugann tú **DHÁ** chúis a dteastaíonn uait an tionscadal seo a dhéanamh. (6 mharc)

(c) Scríobh alt mar gheall ar Cheiliúradh Lá Leanaí Uile an Domhain do nuachtlitir na scoile. Bíodh alt ann mar gheall ar an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh. Tabhair samplaí de **THRÍ** cheart atá ag leanaí agus conas is féidir go sárófaí na cearta seo. (8 mharc)

## 2. OSPIDÉAL MHUIRE NA LEANAÍ, CROMGHLINN

Tá sé beartaithe ag do rang OSSP Tionscadal Gníomhaíochta a dhéanamh ina mbaileoidh sibh airgead don Fhondúireacht Náisiúnta do Leigheas Leanaí agus do Thaighde in Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn.

Mínítear ar an suíomh gréasáin atá acu go gcabhraíonn an t-airgead a bhailítear don chúis seo chun íoc as 'fionnachtana a fhágann go bhfulaingíonn leanaí in Éirinn níos lú péine, go n-ardaítear an ráta marthanais agus go gcaitheann leanaí níos lú ama san ospidéal'. (www.cmrf.org)

(a) Toisc gur deacair airgead a bhailiú i láthair na huaire, is é an cúram atá ort ná cuimhneamh ar bhealaí chun airgead a thiomsú don Ospidéal. Ainmnigh **TRÍ** bhealach éagsúla chun airgead a thiomsú a mholfá do do rang agus mínigh cén fáth ar roghnaigh tú iad. (6 mharc)

(b) Dear an póstaer a d'úsáidfeá chun daoine a **SPREAGADH** le hairgead a thabhairt uathu ag an ócáid tiomsaithe airgid. Déan deimhin de go gcuireann tú **SLUÁN** ar an bpóstaer.

(Tá leathanach bán don phóstaer le fáil ag cúl an fhreagarleabhair seo.) (6 mharc)

(c) **AINMNIGH CEITHRE** fhoireann a bhunófá chun an tionscadal tiomsaithe airgid seo a chur ar siúl, agus **DÉAN CUR SÍOS** ar a gcuid oibre. (8 marc)

## 3. IONAD DON AOS ÓG SA CHEANTAR ÁITIÚIL

Tá duine ón áit tar éis foirgneamh a bhronnadh ar an bpobal agus beartaíodh go ndéanfaí ionad don aos óg sa cheantar áitiúil de. B'fhearr le cuid de mhuintir na háite go mbainfí úsáid eile as. Tá sé beartaithe ag do rang OSSP Tionscadal Gníomhaíochta a dhéanamh ar an gceist seo.

(a) Scríobh litir chuig do Theachta Dála áitiúil ag tabhairt **TRÍ** chúis ar a laghad a gceapann tú go rachadh ionad don aos óg chun leasa an phobail. Déan deimhin de go míníonn tú go bhfuil tú ag scríobh thar ceann do ranga agus go míníonn tú na tuairimí láidre atá ag daoine óga ar an gceist seo. (8 marc)

(b) Fógraíodh cruinniú poiblí sa halla pobail áitiúil chun go bhféadfadh daoine an cheist a phlé agus chun go bhféadfaí cinneadh ar cad is cóir a dhéanamh leis an bhfoirgneamh. Tá sé mar chúram ar do rangsa daoine óga a spreagadh le freastal ar an gcruinniú seo.
Dear an póstaer a d'úsáidfeá chun daoine óga a **SPREAGADH** le freastal ar an gcruinniú seo agus a dtuairimí a chur in iúl. Bíodh **SLUÁN** ar do phóstaer.

(Tá leathanach bán don phóstaer le fáil ag cúl an fhreagarleabhair seo.) (6 mharc)

(c) Seachas cruinniú den phobal a eagrú agus litir a scríobh chuig Teachta Dála, ainmnigh **TRÍ** ghníomh **EILE** a d'fhéadfadh do rang OSSP a dhéanamh chun tacú le hionad don aos óg sa cheantar, agus déan cur síos ar na gníomhartha sin. (6 mharc)

## 4. COICÍS CHÓIRTHRÁDÁLA

Cabhraíonn an Chóirthrádáil le feirmeoirí agus le hoibrithe sa domhan i mbéal forbartha praghsanna níos fearr a fháil ar a gcuid earraí agus coinníollacha oibre a fheabhsú. Bíonn an choicís Chóirthrádála ar siúl i mí an Mhárta gach bliain chun daoine a spreagadh le hiarracht ar leith a dhéanamh earraí Cóirthrádála a cheannach.

Is suim le do rang OSSP Tionscadal Gníomhaíochta a dhéanamh chun an cheist seo a scrúdú. Ba mhaith leat go ndéanfadh do rang suirbhé faoin gCóirthrádáil mar chuid den Tionscadal Gníomhaíochta.

(a) Tabhair **TRÍ** argóint a d'úsáidfeá chun a áiteamh ar do rang suirbhé faoin gCóirthrádáil a dhéanamh mar Thionscadal Gníomhaíochta. (6 mharc)

(b) Ainmnigh **TRÍ** choiste nó ghrúpa a bheadh ag teastáil chun an suirbhé a dhéanamh agus déan cur síos orthu. Ainmnigh rud **AMHÁIN** a dhéanfá le torthaí an tsuirbhé chun a chinntiú go raibh an suirbhé úsáideach. (8 marc)

(c) Seachas suirbhé a dhéanamh, ainmnigh **TRÍ** ghníomh a d'fhéadfá a dhéanamh ar scoil le linn Choicís na Cóirthrádála chun daltaí a chur ar an eolas mar gheall ar earraí Cóirthrádála, agus déan cur síos ar na gníomhartha sin. (6 mharc)

**Cuir tic [✓] leis an gceist as Roinn 3 atá tú a fhreagairt, le do thoil.**

**C. 1 ☐** **C. 2 ☐** **C. 3 ☐** **C. 4 ☐**

**Chun an cheist ar an bPÓSTAER [*C2* (*b*) *nó C3* (*b*)] i Roinn 3 amháin a fhreagairt.**